



Bord na Gaeilge UCD



Oilthigh
Għlaschu

**Ag Forbairt agus ag Tacú le Pobail Teangacha Mionlaigh; Seimineár
do Chleachtóirí Teanga san Ardoideachas ag tagairt go sonrach do
Għaeilge na hÉireann agus na hAlban**

**Supporting and Developing Minority Language Communities; a
Seminar for Language Practitioners in Higher Education with a
particular reference to Irish and Scottish Gaelic**

CAINTEOIRÍ / SPEAKERS

Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Teanga

Ar an 12 Márta 2014, cheap Uachtarán na hÉireann Rónán Ó Domhnaill mar Choimisinéir Teanga, tar éis dó a bheith ainmnithe ag an Rialtas. Għlak Tithe an Oireachtas (Dáil Éireann agus Seanad Éireann) d'aon ghuth leis an ainmniúchán. Tuairiscfondan Coimisinéir Teanga dīreċċach chuiġ Tithe an Oireachtas. Is minic Rónán os comhair coistí Oireachtas chun labhaġt faoi chearta teanga an tsaoránaigh agus an gá na cearta sin a chosaint agus a threisiú.

Rónán Ó Domhnaill was appointed Language Commissioner on 12 March 2014. He was appointed by the President of Ireland following his nomination by the Government. Both Houses of the Oireachtas, (Dáil Éireann and Seanad Éireann) unanimously accepted that nomination. The Language Commissioner reports directly to the Houses of the Oireachtas. Rónán is often before Oireachtas committees to speak about language rights and the need to protect and strengthen those rights.

An Dr. Alasdair MacCalum

Tha Alasdair air a bhith na Oifigear Leasachaidd Gàidhlig ann am Pàrlamaid na h-Alba bho 2002 agus tha e an urra ri plana Gàidhlig reachdail na Gàidhlig a chur ri chèile agus a chur an gniomh. Ionnsaich Alasdair a' Ghàidhlig mar inbheach agus tha PhD aige bho Oilithigh Dhùn Èideann mu luchd-ionnsachaidd na Gàidhlig agus Ath-thilleadh Gluasad Cànan.

Alasdair MacCalum has been Gaelic Development Officer in the Scottish Parliament since 2002 where his key role is developing and implementing the Parliament's statutory Gaelic Language Plan. Alasdair learnt Gaelic as an adult and has a PhD from Edinburgh University on Adult Learners of Gaelic and Reversing Language Shift.

An Dr. Janet Muller

Tá Janet mar Stiúrthóir le POBAL, scátheagras neamhrialtasach do phobal na Gaeilge ó thuaidh. Tá sí ina ceannródaí ar an tionscadal le hAcht na Gaeilge a fháil do Tuaisceart na hÉireann. Déanann sí obair ar an Chreatchoinbhinsiún um Chosaint na Mionlach Náisiúnta. Rinne sí monatóireacht ar chur i gcrích Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh a bhunú agus a threorú ó dhaingniú na Caire.

Janet Muller is the Director of POBAL, the non-governmental umbrella organisation for the Irish speaking community in the north of Ireland. She has spearheaded the initiative to establish an Irish Language Act for the north and been active in work around the Framework Convention for the Protection of National Minorities. She has overseen POBAL's monitoring and researched reports on the implementation of the European Charter for Regional or Minority Languages since its ratification.

An Dr. Lowri Angharad Hughes

Is í Lowri Stiúrthóir na Scéime Breatnaise, Ollscoil Bangor. Tá idir fhreagrachtaí riarracháin agus acadúla ar Lowri. Tá suim ar leith aici in 'Breatnais ag an Obair' agus oibríonn sí i gcomhar le hEolaithe Athrú lompair chun na nithe sin a phiosrú. Déanann sí cathaoirleacht ar ghrúpaí náisiúnta pleána teanga agus is ball í de dhá choiste chomhairleacha de chuid Rialtas na Breataine Bige ar an mBreatnais.

Lowri Angharad Hughes is Director of the Welsh Language Scheme, Bangor University. Lowri's responsibilities encompass both the administrative and academic domains. 'Welsh at Work' is a particular interest of hers and she collaborates with Behaviour Change Scientists to investigate this issue. She chairs regional and national language planning groups and is a member of two Welsh Government advisory committees on the Welsh language.

An Dr. Deirdre Ní Loinsigh

Tá Deirdre ina Stiúrthóir ar Aonad na Gaeilge agus ina léachtóir i Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide in Ollscoil Luimnigh (OL). Stiúrann sí réimse de chúrsaí agus de chláraча tacailochta teanga san Ollscoil. Tarraingíonn taighde Dheirdre ar a cúrla san aosoideachas agus ar a cuid taithí proifisiúnta ag plé le forbairt agus le cur chun cinn na Gaeilge.

Deirdre Ní Loingsigh is Director of *Aonad na Gaeilge* and a lecturer in the School of Culture and Communication at the University of Limerick (UL). She leads a range of campus-based programmes and Irish language support initiatives. Her research draws on her background in adult education and her professional experience supporting the development and promotion of Irish.

Janni Diez

Tha Janni a' stiùireadh cur an gniomh Plana agus Poileasaidh Cànan na Colaiste le bhith a' brosnachadh dhaoine gus Gàidhlig a chleachdadadh fad na h-ùine, a' feasachadh cothroman ionnsachaidh don luchd-obrach, a' cruthachadh cothroman cleachdaidh, agus ag obair air poileasaidhean gus gluasad gu ruige àrainneachd Ghàidhlig.

Janni Diaz has responsibility for implementing the Sabhal Mòr Ostaig, University of Highlands and Islands Language Policy and Plan. She develops learning opportunities for staff, creates opportunities to use Gaelic, and works on policy level changes to facilitate a Gaelic speaking environment. Janni organises Gaelic events where students are encouraged to speak Gaelic socially. She also works with new staff and students to clarify the philosophy behind the College's language policy.

Clár Ní Bhuachalla

Is í Clár Oifigeach Gaeilge An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is í a stiúrann tionscnaimh Bhord na Gaeilge idir chúrsaí teanga, sheirbhísí aistriúchán agus scéimeanna scoláireachta. Tá spéis faoi leith aici i bpobal mionteangacha na hEorpa agus tá taighde déanta aici ar an mionlach Laidine i gceantar trí-theangach Süd Tirol i dTuaisceart na hIodáile. Foilsíodh ábhar dá cuid ar an nGaeilge in *Europäisches Journal für Minderheitenfragen*.

Clár Ní Bhuachalla is the Irish Language Officer in University College Dublin and leader of Bord na Gaeilge UCD projects. Her projects include language courses, translation services and scholarship schemes. She has a particular interest in European minority language communities and has researched the Ladin minority in the tri-lingual region of South Tyrol, Italy. She has published on the Irish language in *Europäisches Journal für Minderheitenfragen*.

Fiona Dunn

Tha Fiona ag obair aig Oilthigh Ghlaschu mar Oifigear na Gàidhlig, a' chiad oifigear dha seòrsa a chaidh fhastadh do dh'oileadh an Alba. Bho 2009, tha i air iomadh pròiseact leasachaидh a stèidheachadh do luchd-obrach is oilleanach a tha a' toirt cothroman dhaibh agus gam brosnachadh, gus Gàidhlig a chleachdadh taobh a-muigh chùrsaichean foirmeil.

Fiona Dunn is the Gaelic Language Officer at the University of Glasgow and was the first practitioner of this kind to be appointed to a Scottish higher education institution in 2009. She has established a variety of development projects that aim to increase the opportunities for staff and students to use Gaelic beyond formal academic programmes.

Claire Ní Mhuirthile

Múineann agus scrúdaíonn Claire Gaeilge ag gach leibhéal i Roinn na Nua-Ghaeilge agus ar chlár oíche na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas maraon le cursaí deonacha sa Ghaeilge labhartha sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh. Téann sí lena cuid mac léinn chun na Gaeltacht ar chúrsaí deireadh seachtaire agus le linn dóibh bheith ar scoláireacht i gCorca Dhuibhne. Is príomhriarthóir í Claire ar chuid mhaith de scéimeanna an ionaid.

Claire Ní Mhuirthile teaches and examines Irish language across the full range of levels in the Department of Modern Irish and on the evening programme for the Professional Masters in Education in University College Cork. She teaches courses in Spoken Irish and accompanies students to the Gaeltacht on weekend courses and during their time on scholarship in Corca Dhuibhne, Co. Kerry. Claire is the primary administrator of several of Ionad na Gaeilge Labartha schemes.

An Dr. John Walsh

Tá John ina Léachtóir Sinsearach le Gaeilge i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Múineann sé an tscoththeangeolaíocht ag leibhéal na bunchéime agus na hiarchéime. Ceapadh ina Leas-Déan Taighde é i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh i 2012. Faoi láthair, tá sé i mbun taighde ar idé-eolaíocht agus spreagadh 'nuachainteoiri' mionteangacha.

John Walsh is a Senior Lecturer in Irish at the School of Languages, Literatures and Cultures, National University of Ireland, Galway. He teaches sociolinguistics at undergraduate and postgraduate level. In 2012, he was appointed Vice-Dean for Research in the College of Arts, Social Sciences and Celtic Studies. His current research focuses on the ideologies and motivations of 'new speakers' of minority languages.

An Dr. Teresa Lynn

Taighdeoir iardhochtúireachta í Teresa in Ionad ADAPT, Ollscoil Chathair Átha Cliath. Chríochnaigh sí PhD ar theicneolaíocht na Gaeilge de thairbhe comhaontú comhtheagaisc idir Ollscoil Chathair Átha Cliath (Éire) agus Ollscoil Macquarie, Sydney (An Astráil). Bronnadh dámhachtain Fulbright-Enterprise Ireland ar Teresa in 2014-2015 agus thug sí seal in Ollscoil St Louis, Missouri, ag obair ar analís uathoibrithe tvuítteanna a sheoltar in Éirinn.

Teresa Lynn is a Postdoctoral Researcher at the ADAPT Centre, Dublin City University. She completed her PhD on Irish language technology through a cotutelle agreement between Dublin City University (Ireland) and Macquarie University Sydney (Australia). Teresa was a Fulbright-Enterprise Ireland Awardee in 2014-2015 and spent time in St Louis University, Missouri working on the automated analysis of Irish tweets.

An Dr. Niamh Ní Shiadhail

Is léachtóir sa Léann Ceilteach agus stiúrthóir ar Rannóg na Ceiltise, Ollscoil Uppsala í Niamh. Chomh maith leis an gclár teagaisc atá á chur i gcrích ag an rannóg, eagraítear clár imeachtaí poiblí go rialta chun an Ghaeilge agus an Léann Éireannach a chur chun cinn in Uppsala agus sa tSualainn.

Niamh Ní Shiadhail is lecturer and director of the Celtic Section, University of Uppsala. In addition to the teaching programme provided by the section, a programme of public events is organised on a regular basis with the purpose of promoting the Irish language and Irish studies in Uppsala and in Sweden.

An Dr. Radvan Markus

Tá Radvan ina léachtóir le Gaeilge agus le litríocht na hÉireann in Ollscoil Shéarlais i bPrág, Poblacht na Seice. D'fhoilsigh sé an leabhar *Echoes of the Rebellion* (2015) chomh maith le haitl acadúla faoi ghnéithe éagsúla litríocht na Gaeilge. Bíonn sé ag aistriú ó Ghaeilge go Seicis; *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain atá idir láimha aige faoi láthair.

Radvan Markus is a lecturer in the Irish language and literature of Ireland in Charles University, Prague, Czech Republic. He has published *Echoes of the Rebellion* (2015) as well as academic articles on various aspects of Irish language literature. He translates from Irish to Czech and is currently working on an Irish language translation of Máirtín Ó Cadhain's *Cré na Cille*.

Dónal Ó Céilleachair

Tá Dónal ag teagasc na Gaeilge i Londain le breis is fiche bliain anuas. Tá sé ina rúnaí ar Choláiste na nGael, eagraíocht a fhreastalaíonn ar phobal na Gaeilge sa Bhreatain. Is i mBéal Átha an Ghaorthaidh a d'fhoghlaim sé a chuid Gaeilge mar dhéagóir agus tá cúrsaí déanta aige i nGleann Cholm Cille, Co. Dhún nan Gall ,ar an gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe agus i mBaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí, ó shin i leith. Is minic a chloisear Dónal ar Raidió na Gaeltachta.

Dónal Ó Céilleachair has been teaching Irish in London for over twenty years. He is secretary of Coláiste na nGael an organisation which supports the Irish community in England. Dónal learnt his own Irish as a teenager in the Gaeltacht of Béal Átha an Ghaorthaidh, Co. Cork and has completed courses in Glencolmcille, Co. Donegal, An Ceathrú Rua, Co. Galway and Baile an Fheirtéaraigh, Co. Kerry. He can often be heard on Raidió na Gaeltachta.